Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Nollaig 2019
(OR. en)

15151/19

AGRI 621
FORETS 66
ENV 1026
PROCIV 105
JUR 708
DEVGEN 247
RELEX 1173
UD 334
PROBA 57
FAO 61

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Nollaig 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an Teachtaireacht i ndáil le dlús a chur le gníomhaíocht an Aontais chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú<br>*- Conclúidí ón gComhairle (16 Nollaig 2019)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite a ghlac an Chomhairle ar an 16 Nollaig 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle agus ó Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an Teachtaireacht i ndáil le dlús a chur le gníomhaíocht an Aontais chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS RIALTAIS NA mBALLSTÁT,

MEABHRAÍTEAR DÓIBH:

Ráta scáfar an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoisí chomh maith leis na ráigeanna forleithne de dhóiteáin foraoise mhillteacha;

Gur athdhearbhaíodh ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe 2015 prionsabail Dhearbhú Rio maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, go háirithe sprioc 15 agus a cuspóir 2, ina ndéantar tagairt do gach cineál foraoise a bhainistiú ar bhonn inbhuanaithe, do stop a chur leis an dífhoraoisiú, d'fhoraoisí díghrádaithe a athbhunú agus d'fhoraoisiú agus athfhoraoisiú a mhéadú go suntasach faoi 2020;

Na comhaontuithe, gealltanais agus creata domhanda atá ann cheana lena rannchuidítear le laghdú a dhéanamh ar dhífhoraoisiú agus ar dhíghrádú foraoisí agus le foraoisí a athbhunú amhail Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide, Plean Straitéiseach Domhanda um Bithéagsúlacht 2011-2020 agus Spriocanna Bithéagsúlachta Aichi dá chuid, agus Plean Straitéiseach na Náisiún Aontaithe i ndáil le Foraoisí agus na spriocanna domhanda foraoise dá chuid;

A thábhachtaí atá sé tacú le ról na bhforaoisí maidir le linnte agus le humair de gháis cheaptha teasa a chaomhnú agus a fheabhsú agus tacú leis an ról atá ag bainistiú inbhuanaithe na bhforaoisí i ndáil le hábhair in-athnuaite inbhuanaithe a tháirgeadh agus le hábhair iontaise agus le hábhair a bhfuil lorg mór carbóin acu a ionadú chun rannchuidiú le Comhaontú Pháras a chur chun feidhme;

Na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an Aontas gona Bhallstáit maidir le dul i ngleic le dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí faoi Straitéis Foraoise an Aontais, Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais 2020, an 7ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, an Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Pláinéad Glan do Chách', ina gcuirtear i láthair fís straitéiseach fhadtéarmach do gheilleagar a bheidh rathúil, nua-aimseartha, iomaíoch agus aeráid-neodrach san Aontas faoi 2050, Plean Gníomhaíochta FLEGT agus Rialachán Adhmaid AE[1], chomh maith le gníomhaíochtaí eile amhail Comhpháirtíocht na nDearbhuithe Amstardam agus Dearbhú Nua-Eabhrac maidir le Foraoisí;

Conclúidí ón gComhairle 2016 maidir leis an meastóireacht ar Phlean Gníomhaíochta FLEGT agus ar Rialachán Adhmaid AE[2];

Tacaíocht ón Aontas agus ó na Ballstáit do thíortha i mbéal forbartha i bpleananna náisiúnta REDD+[3];

An mianach dinimiciúil a bhaineann le hathrú ar úsáid talún agus cúinsí éagsúla náisiúnta agus áitiúla;

Ról an bhainistithe ar fhoraoisí ar bhonn inbhuanaithe[4] agus ról na bithéagsúlachta foraoise maidir le seirbhísí agus feidhmeanna éiceachórais a chothabháil lena rannchuidítear le forbairt inbhuanaithe, le díothú na bochtaineachta, le slite beatha agus folláine an duine, lena n-áirítear trí bhia, beatha, uisce, adhmad, snáithín, breosla, leigheas agus áineas a sholáthar chomh maith leis an athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó agus, ag am céanna, á thabhairt dá n-aire an tábhacht ar leith a bhaineann le foraoisí nádúrtha don bhithéagsúlacht chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le dea-rialachas, le córais tionachta talún atá slán agus intuartha agus le pleanáil chomhtháite maidir le húsáid talún;

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmad agus táirgí adhmaid ar an margadh

2 10320/1/16 REV 1

3 Astaíochtaí ó dhífhoraoisiú agus ó dhíghrádú foraoisí a laghdú agus ról an chaomhnaithe, an bhainistithe inbhuanaithe ar fhoraoisí agus an ról maidir le stoic charbóin na bhforaoisí a mhéadú i dtíortha i mbéal forbartha (REDD+)

4 Rún H1 ón Dara Comhdháil Aireachta um Chosaint Foraoisí san Eoraip, 16-17 Meitheamh 1993, Heilsincí, an Fhionlainn

Cailliúint na n-éiceachóras foraoise agus a seirbhísí agus an meath atá ag teacht orthu ar fud an domhain chomh maith leis na cúiseanna díreacha agus indíreacha atá leis sin mar a sainaithníodh i dTuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais ón gClár Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais[5], agus tionchair an mheatha sin ar fholláine an duine;

An tuarascáil speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide ar an athrú aeráide, ar fhairsingiú fásaigh, ar dhíghrádú talún, ar bhainistiú inbhuanaithe talún, ar shlándáil bia agus ar fhloscanna gás ceaptha teasa in éiceachórais talún[6] agus na roghanna gníomhaíochta atá molta inti, ar tuarascáil í ina n-aithnítear gurb é dífhoraoisiú is cúis, den chuid is mó, le glan-astaíochtaí ón talamh;

Conclúidí an 9 Deireadh Fómhair 2019[7] ina gcuireann an Chomhairle in iúl gur cúis mhór imní di na torthaí eolaíocha ó IPCC lena léirítear an phráinn as cuimse atá ann leis an bhfreagairt dhomhanda ar an athrú aeráide a threisiú i gcomhthéacs na forbartha inbhuanaithe agus na n-iarrachtaí chun an bhochtaineacht a dhíothú;

Go bhfuil dlúthnasc ann idir an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, an díghrádú talún agus fairsingiú fásaigh;

Sainiúlacht na saincheisteanna a bhaineann le foraoisí sna réigiúin is forimeallaí, agus a n-iargúltacht, a lú atá siad, a n-aeráid agus a suíomh geografach á gcur san áireamh, lena n-áirítear an t-oileánachas agus teagmháil le tíortha comhpháirtíochta;

Conclúidí ón gComhairle an 15 Aibreán 2019 maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le Straitéis Foraoise AE a chur chun feidhme agus maidir le creat straitéiseach nua d'fhoraoisí[8], go háirithe a mhéid a bhaineann leis an ngá atá le straitéis nua foraoise san Aontas tar éis 2020;

Nach bhfuil aon tagairt sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh do chomhbheartas foraoise AE cé go bhfuil réimse beartas ag an Aontas a bhaineann le foraoisí, agus go luíonn an fhreagracht i gcomhair foraoisí leis na Ballstáit agus go gcaithfidh na cinntí agus na beartais go léir san Aontas a bhaineann le foraoisí prionsabal na coimhdeachta agus inniúlacht na mBallstát sa réimse sin a urramú;

---

5 https://ipbes.net/global-assessment-report-biodiversity-ecosystem-services
6 https://www.ipcc.ch/report/srccl/
7 12796/1/19 REV 1
8 8609/19

Ba cheart do na Ballstáit machnamh a dhéanamh freisin ar úsáid talún agus ar bhainistiú foraoisí ina dtír féin;

An Comhdhearcadh Eorpach nua maidir le Forbairt[9], Teachtaireachtaí ón gCoimisiún maidir leis an gcomhpháirtíocht athnuaite le tíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin[10], agus maidir le todhchaí inbhuanaithe don Eoraip[11];

An plé a rinneadh ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh i mí Dheireadh Fómhair 2019 maidir le dlús a chur le gníomhaíocht an Aontais chun foraoisí a chosaint agus a athbhunú;

MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE AGUS NA BALLSTÁIT

1. IS CÚIS MHÓR IMNÍ DÓIBH nach leor na beartais agus an ghníomhaíocht atá ann faoi láthair ar an leibhéal domhanda maidir le foraoisí a chaomhnú, a athbhunú agus a bhainistiú go hinbhuanaithe chun stop a chur leis an dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí agus CUIREANN SIAD i dTREIS gur gá gníomhaíocht fheabhsaithe ón Aontas chun rannchuidiú le Cuspóirí agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, go háirithe cuspóir 15.2, chomh maith le spriocanna agus cuspóirí domhanda eile a bhaineann le foraoisí;

2. IS DÍOL SÁSAIMH DÓIBH an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le dlús a chur le gníomhaíocht an Aontais chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú, FORMHUINÍONN SIAD cuspóirí agus raon feidhme na Teachtaireachta, TACAÍONN SIAD le cur chuige na Teachtaireachta a bhfuil cúig réimse tosaíochta ag baint léi agus TÁ SIAD TIOMANTA gníomhú i gcomhpháirt leis an gCoimisiún agus le gníomhaithe eile chun na gníomhaíochtaí a mholtar sa Teachtaireacht a chur chun feidhme chun na gcríoch sin;

3. CUIREANN SIAD i bhFIOS GO LAIDIR a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis na cúiseanna éagsúla idir díreach agus indíreach leis an dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí, atá éagsúil ó réigiún go réigiún agus AITHNÍONN SIAD go n-iarrtar aird ar leith a thabhairt ar na nithe sin ós rud é gurb é leathnú na talmhaíochta is cúis le tuairim is 80 faoin gcéad den dífhoraoisiú domhanda faoi láthair agus gur dócha go méadóidh an brú chun an leathnú sin a mhéadú a thuilleadh mar gheall ar dhaonra atá ag dul i méid agus ar phatrúin tomhaltais agus táirgthe atá ag athrú;

[9] 10108/17
[10] 14770/16
[11] 14774/16 agus conclúidí ón gComhairle: 10370/17 an 20 Meitheamh 2017

4. MOLANN SIAD don Choimisiún, mar ábhar práinne, tús áite a thabhairt do na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Teachtaireacht agus iad a chur chun feidhme in éineacht leis na Ballstáit, an tionsclaíocht, eagraíochtaí agus institiúidí, an tsochaí shibhialta agus tíortha comhpháirtíochta mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip;

5. IARRANN SIAD -go ndéanfaí cur chun feidhme comhleanúnach idir na cúig réimse tosaíochta den Teachtaireacht mar aon le beartais agus ionstraimí ábhartha eile de chuid an Aontais, mar gur shainaithin an Chomhairle[12] mar thosaíocht freisin do straitéis foraoise an Aontais tar éis 2020 go ndéanfaí comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a neartú i mbeartais de chuid an Aontais a bhaineann le foraoisí;

6. TUGANN SIAD DÁ nAIRE AGUS IS DÍOL SÁSAIMH DÓIBH an cur chuige comhpháirtíochta mar théama uileghabhálach sa Teachtaireacht agus CUIREANN SIAD CHUN SUNTAIS go bhfuil gá le níos mó den chomhordú idir an Coimisiún, na Ballstáit, an tionscal, an tsochaí shibhialta, comhlachtaí idir-rialtasacha agus tíortha comhpháirtíochta;

7. TACAÍONN SIAD le haird speisialta a bheith á tabhairt ar chosaint na bhforaoisí príomhúla ós rud é go bhfuil siad uathúil, nach féidir a gcomhshamhail a sholáthar, go bhfuil siad ríthábhachtach don bhithéagsúlacht agus do chosaint na haeráide agus go ndéanann dífhoraoisiú díobháil mhór dóibh;

8. CUIREANN SIAD CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní, feirmeoirí beaga, gnólachtaí áitiúla, grúpaí leochaileacha amhail na pobail dhúchasacha agus na pobail áitiúla agus a gcearta faoi seach agus MEABHRAÍTEAR DÓIBH, i ndáil leis an méid sin, Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach;

9. CUIREANN SIAD CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé sainmhínithe agus coincheapa soiléire a chur i bhfeidhm, amhail slabhraí táirgthe agus soláthair nach mbíonn dífhoraoisiú mar thoradh orthu, agus an obair reatha agus an obair leanúnach laistigh de phróisis agus ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha á cur san áireamh go hiomlán;

***Lorg tomhaltais an Aontais ar talamh a laghdú***

10. AITHNÍONN SIAD an ról suntasach atá ag allmhairiú tráchtearraí talmhaíochta san Aontas agus an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht fheabhsaithe d'fhonn slabhraí luacha inbhuanaithe nach mbíonn dífhoraoisiú mar thoradh orthu a áirithiú agus CUIREANN SIAD I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé feasacht a mhúscailt agus tomhaltas nach mbíonn dífhoraoisiú mar thoradh air a chur chun cinn san Aontas;

---

[12] An Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh, 14 Deireadh Fómhair 2019

11. IARRANN SIAD ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh go gasta ar bhearta breise rialála agus neamhrialála atá dírithe ar an éileamh agus na tograí ábhartha a thíolacadh;

12. AITHNÍONN SIAD, sa chomhthéacs sin, an taithí a fuarthas ó na beartais agus na hionstraimí atá ann cheana féin, amhail Plean Gníomhaíochta FLEGT, lena n-áirítear an Rialachán Adhmaid, lena gcuirtear cur chuige díchill chuí chun feidhme, agus an Rialachán ón gComhairle maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe, neamhrialáilte (NNN)[13] agus CUIREANN SIAD I dTREIS gur gá feabhas a chur ar chur chun feidhme an Rialacháin Adhmaid, agus IARRANN SIAD ar an gCoimisiún, ina theannta sin, measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá roghanna ábhartha eile amhail, i measc eile, na roghanna a leanas: dícheall cuí a chur i bhfeidhm, caighdeán an dífhoraoisithe nialasaigh, nósanna imeachta tairisceana nach mbíonn dífhoraoisiú mar thoradh orthu, cineálacha éagsúla lípéadaithe, gealltanais dheonacha tionscail, comhaontuithe déthaobhacha le tíortha táirgthe, mar aon le múscailt feasachta i measc tomhaltóirí, lena n-áirítear maidir le haistí bia cothroma folláine cothaitheacha agus dramhaíl bhia laghdaithe, ó thaobh táirgeadh agus tomhaltas tráchtearraí atá inbhuanaithe agus nach mbíonn dífhoraoisiú mar thoradh orthu;

13. CUIREANN SIAD I dTREIS a thábhachtaí atá cur i bhfeidhm an chreata nua inbhuanaitheachta agus an measúnú ar a fheidhmiú sin dá bhforáiltear faoin Treoir athmhúnlaithe maidir le Fuinneamh Inathnuaite[14], lena n-áirítear a chritéir inbhuanaitheachta bithfhuinnimh, agus sa chomhthéacs sin, IS MIAN LEO AIRD A THARRAINGT ar an tábhacht a bhaineann leis an toradh a bheidh ar an gcur i bhfeidhm sin maidir le dífhoraoisiú, díghrádú foraoisí agus cailliúint na bithéagsúlachta foraoise;

14. MEASANN SIAD gur bunús tábhachtach atá sa tuarascáil ón gCoimisiún maidir le forbairt próitéiní plandúla san Aontas le haghaidh obair a dhéanfar amach anseo agus IARRANN SIAD go ndéanfaí obair chun táirgeadh próitéine san Aontas a fhorbairt go huaillmhianach agus chun a iomaíochas a neartú ar bhealach nach mbeadh ina chúis le saobhadh trádála;

15. CUIREANN SIAD I dTREIS gur gá trédhearcacht, cuntasacht agus faisnéis shoiléir inrochtana faoi shlabhraí soláthair mar aon le caighdeáin agus scéimeanna deimhniúcháin a mhéadú d'fhonn táirgí nach mbíonn dífhoraoisiú mar thoradh orthu a shainaithint, a chur chun cinn agus a cheannach ar bhealach níos fearr agus go costéifeachtach gan ualaí díréireacha airgeadais ná riaracháin a chur ar tháirgeoirí;

---

13 Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscthe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú.

14 Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn

16. TACAÍONN SIAD le bunú ardáin il-gheallsealbhóirí atá ceaptha le bheith idirghníomhach agus dírithe ar réitigh lena gcuimseofar rialtais, an earnáil phríobháideach, an tsochaí shibhialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile, lena n-áirítear ó thíortha comhpháirtíochta, agus DEARBHAÍONN SIAD go bhfuil na Ballstáit toilteanach a bheith rannpháirteach go gníomhach san ardán sin;

***Obair i gcomhpháirtíocht le tíortha táirgthe***

17. TACAÍONN SIAD GO hIOMLÁN leis an gcur chuige comhpháirtíochta le tíortha táirgthe chun dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí a chomhrac agus chun slite beatha a fheabhsú trí tháirgeadh talmhaíochta inbhuanaithe a mhéadú, go háirithe trí fheabhas a chur ar tháirgiúlacht chun tiontú talún foraoise a laghdú agus trí bhainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí a fheabhsú;

18. CUIREANN SIAD I dTREIS gurb é ceann amháin de láidreachtaí sainaitheanta Phlean Gníomhaíochta FLEGT a chur chuige nuálach lena dtugtar le chéile bearta atá dírithe ar an éileamh agus bearta eile atá nasctha leis an soláthar ar bhealach a dtreisíonn a chéile, IARRANN SIAD ar an gCoimisiún a mheas, i gcomhthéacs tacaíocht atá nasctha leis an soláthar a d'fhéadfaí a thabhairt do thíortha táirgthe, cén dóigh ar féidir gur infheidhme maidir le tráchtearraí seachas adhmad an taithí arna fáil agus comhaontuithe comhpháirtíochta deonaí á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme acu;

19. MOLANN SIAD do thíortha táirgthe, más gá, beartais chuimsitheacha uaillmhianacha chothroma a cheapadh agus a chur chun feidhme chun gníomhaíocht i gcoinne an dífhoraoisithe agus díghrádaithe foraoisí a chur chun cinn, go háirithe mar thoradh ar tháirgeadh talmhaíochta, i gcomhréir le trí cholún na forbartha inbhuanaithe agus GEALLANN SIAD go n-oibreoidh siad le tíortha comhpháirtíochta chuige sin;

20. ATHDHEARBHAÍONN SIAD an gá le tacaíocht mhéadaithe do thíortha comhpháirtíochta, agus IARRANN SIAD go mbainfí úsáid níos fearr as ionstraimí agus comhpháirtíochtaí atá ann cheana, amhail an Plean Eorpach Infheistíochta Seachtraí agus an bhéim a leagtar ann ar an Afraic le haghaidh infheistíochta agus poist inbhuanaithe, agus aghaidh á tabhairt ar an ngá le tacaíocht threisithe do bhainistiú inbhuanaithe agus do chosaint foraoisí, d'fhoraoisiú, d'athfhoraoisiú agus d'athbhunú foraoisí, agus dlús á chur le cruthú post, mar aon le modhanna agus cuir chuige, amhail agrafhoraoiseacht agus crainn a chur lasmuigh d'fhoraoisí, ag tacú le táirgeadh talmhaíochta atá inbhuanaithe agus níos éifeachtúla agus nach mbíonn dífhoraoisiú mar thoradh air;

*An comhar idirnáisiúnta a neartú*

21. TACAÍONN SIAD leis an togra ón gCoimisiún an comhar idirnáisiúnta i dtaca le bainistiú inbhuanaithe foraoisí agus slabhraí soláthair tráchtearraí talmhaíochta inbhuanaithe nach mbíonn dífhoraoisiú mar thoradh orthu a threisiú in éineacht leis na Ballstáit agus CUIREANN SIAD I dTREIS go bhfuil gá le breis iarrachtaí chun comhleanúnachas agus éifeachtacht an bheartais idirnáisiúnta foraoise a threisiú mar aon le comhar idirnáisiúnta ón Aontas gona Bhallstáit maidir le saincheisteanna a bhaineann le dífhoraoisiú agus le díghrádú foraoisí;

22. TACAÍONN SIAD le cur i bhfeidhm cur chuige trasearnála comhtháite agus chur chuige an chumarphointe i leith cur chun feidhme;

23. CUIREANN SIAD I dTREIS go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh tíortha agus eagraíochtaí ábhartha rannpháirteach in idirphlé, idir dhéthaobhach agus iltaobhach, d'fhonn an ghníomhaíocht dhomhanda i gcoinne an dífhoraoisithe agus i gcoinne díghrádú foraoisí a neartú, lena n-áirítear maidir le slabhraí soláthair inbhuanaithe nach mbíonn dífhoraoisiú mar thoradh orthu;

24. TATHANTAÍONN SIAD ar an gCoimisiún, ar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ar na Ballstáit an t-idirphlé polaitiúil le tíortha tomhaltóirí ábhartha a threisiú go comhpháirteach d'fhonn an dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí a chomhrac mar aon le bainistiú inbhuanaithe foraoisí, caomhnú agus athbhunú foraoisí a chur chun cinn;

25. MEABHRAÍTEAR DÓIBH a thábhachtaí atá sé tacaíocht leanúnach a thabhairt ar mhaithe le REDD-plus a chur chun feidhme, agus IARRANN SIAD go dtabharfaí soiléiriú ar an ról atá aige maidir leis na gníomhaíochtaí a mholtar sa Teachtaireacht;

26. CUIREANN SIAD I dTREIS go bhfuil sé tábhachtach feabhas a chur ar chur chun feidhme éifeachtach na bhforálacha ábhartha i gcomhaontuithe trádála an Aontais;

27. IARRANN SIAD ar an gCoimisiún saincheist an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoisí a chur san áireamh ar dhóigh níos fearr i measúnuithe tionchair inbhuanaitheachta, iad sin a fhoilsiú roimh dó an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích agus dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí a chomhtháthú a thuilleadh i measúnuithe *ex post*;

28. MOLANN SIAD go ndéanfaí, i gcás gach comhaontú trádála cuimsitheach ábhartha nua de chuid an Aontais, forálacha sonracha a mholadh maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí agus maidir le tráchtearraí talmhaíochta inbhuanaithe nach mbíonn dífhoraoisiú mar thoradh orthu agus é mar aidhm leis sin cuidiú chun dífhoraoisiú nó díghrádú foraoisí a sheachaint agus iompar freagrach gnó a chur chun cinn agus CUIREANN SIAD I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé tiomantas do Chomhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide a chur chun feidhme go héifeachtach a chur san áireamh i gComhaontuithe Saorthrádála de chuid an Aontais;

29. CUIREANN SIAD I dTREIS gur gá cur chun feidhme éifeachtach cinntí agus forálacha idirnáisiúnta uile a chuireann le cosaint agus le húsáid inbhuanaithe fhoraoisí an domhain agus a gcuid bithéagsúlachta a neartú, go háirithe an Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD), Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus Comhaontú Pháras uaidh, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac (UNCCD) agus Plean Straitéiseach na Náisiún Aontaithe i ndáil le Foraoisí;

30. Agus buntáistí na réigiún is forimeallaí á gcur san áireamh acu, CUIREANN SIAD I dTREIS an gá atá ann an comhar idirnáisiúnta a neartú, an comhar agus an taighde atá ann cheana féin a chothú chun an oidhreacht uathúil sin a chaomhnú, a athbhunú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe ar son na hEorpa agus an domhain agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shonracha réigiúnacha, lena n-áirítear na dúshláin sin a bhaineann leis an Amasóin;

31. AITHNÍONN SIAD an taithí a thagann ó thionscnaimh na hearnála príobháidí le haghaidh slabhraí soláthair inbhuanaithe agus MOLANN SIAD don earnáil phríobháideach gníomhaíocht dheonach agus cleachtais ghnó fhreagracha a aithnítear go hidirnáisiúnta agus atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar dhífhoraoisiú agus ar dhíghrádú foraoisí a ghlacadh, agus a leathnú i gcás inarb iomchuí;

32. IARRANN SIAD go gcuirfí feabhas ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES)[15], lena gcuirtear caomhnú speiceas foraoise atá i mbaol chun cinn freisin trína dtrádáil a rialú agus a bhfuil ról tábhachtach aige, dá bhrí sin, sa troid i gcoinne an dífhoraoisithe agus díghrádú foraoisí;

---

[15] An Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol https://ec.europa.eu/environment/cites/trafficking_en.htm

*Maoiniú a atreorú chuig cleachtais inbhuanaithe maidir le talamhúsáid*

33. CUIREANN SIAD CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé cistiú leordhóthanach a shlógadh ó fhoinsí uile ábhartha chun dlús a chur leis an ngníomhaíocht chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú trí thalmhaíocht inbhuanaithe, bainistiú inbhuanaithe foraoisí lena n-áirítear cosaint foraoisí, foraoisiú, athfhoraoisiú agus athbhunú foraoisí, fuinneamh in-athnuaite inbhuanaithe mar aon le húsáid talún comhtháite mar bhealach chun dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí a chomhrac;

34. TUGANN SIAD DÁ nAIRE an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Maoiniú Inbhuanaithe a fhorbairt;

35. AITHNÍONN SIAD an ról tábhachtach atá ag roinnt institiúidí airgeadais cheana féin maidir le forbairt infheistíochtaí agus cleachtas gnó a chumasú i dtaca le bainistiú inbhuanaithe foraoisí, foraoisiú, athfhoraoisiú, athbhunú agus cosaint foraoisí, MOLANN SIAD d'institiúidí airgeadais uirlisí agus bailiú sonraí a fhorbairt chun go mbeidh a bpunanna níos trédhearcaí maidir le foraoisí agus éiceachórais eile a thiontú ina n-úsáidí talún eile;

36. IARRANN SIAD ar an earnáil phríobháideach trédhearcacht a mhéadú sa tuairisciú corparáideach ar fhreagrachtaí sóisialta agus comhshaoil;

*Tacú le faisnéis, taighde agus nuálaíocht*

37. LEAGANN SIAD BÉIM ar an ngá atá ann feabhas a chur ar fhaireachán agus ar infhaighteacht sonraí agus faisnéise iontaofa trí leas a bhaint as an teicneolaíocht agus as na huirlisí digiteacha is déanaí agus trí chur le scéimeanna faireacháin atá ann cheana, agus CUIREANN SIAD I dTREIS an gá atá le fothú acmhainní i dtíortha atá i mbéal forbartha chun faireachán a dhéanamh ar fhoraoisí agus chun iad a phleanáil agus, chomh maith leis sin, chun fardail de gháis cheaptha teasa a ullmhú, go háirithe d'earnálacha talamhúsáide;

38. IARRANN SIAD go rachfaí i mbun gníomhaíochta chun na córais sonraí atá ann cheana a neartú agus a fhorbairt, amhail na córais sin arna gcur ar fáil ag Eurostat, Ballstáit an Aontais, Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO), an Eagraíocht Idirnáisiúnta Adhmaid Thrópaicigh (ITTO) agus Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE), go háirithe trí cheistneoir comhpháirteach bliantúil na hearnála foraoise uathu sin, chomh maith le foinsí eile, agus chun sonraí allmhairiúcháin an Aontais a roinnt trí chomhpháirtíocht chustaim de chuid an Aontais a thógáil, chun trédhearcacht ar feadh na slabhraí soláthair a mhéadú;

39. Is DÍOL SÁSAIMH DÓIBH an cuspóir faireachlann an Aontais a chur ar bun, IARRANN SIAD ar an gCoimisiún ábhar fhaireachlann an Aontais a fhorbairt i gcomhréir leis na huirlisí agus na sásraí faireacháin atá ann cheana agus gan iad a dhúbailt agus IARRANN SIAD ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar a indéanta atá sé, lena n-áirítear na himpleachtaí airgeadais agus riaracháin a bhaineann le sásra luathfholáirimh chun fógra a thabhairt do thomhaltóirí, d'údaráis phoiblí agus do chuideachtaí a fhoinsíonn tráchtearraí ó limistéir atá i mbaol ó dhífhoraoisiú;

40. MOLANN SIAD do na Ballstáit rannchuidiú le taighde, forbairt agus nuálaíocht a bhaineann le pleanáil chomhtháite na talamhúsáide, bainistiú inbhuanaithe foraoisí lena n-áirítear foraoisiú, athfhoraoisiú, cosaint, caomhnú, athbhunú, chomh maith le hagrafhoraoiseacht agus táirgeadh inbhuanaithe talmhaíochta, trí chláir náisiúnta agus cláir de chuid an Aontais;

*Gníomhaíocht leantach*

41. COMHAONTAÍONN SIAD go rannchuideoidh na Ballstáit le gníomhaíochtaí na Teachtaireachta, agus IARRANN SIAD ar an gCoimisiún na bearta leantacha a mholtar sa Teachtaireacht a chur san áireamh ina Chlár Oibre (2019-2024);

42. IARRANN SIAD ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhordú leis na Ballstáit, treochlár a fhorbairt don obair leantach chomhpháirteach a dhéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit maidir leis na gníomhaíochtaí a mholtar sa Teachtaireacht, go háirithe trí spriocanna soiléire a leagan síos faoin gcéad seimeastar de 2020, ar spriocanna iad a bheidh le baint amach ó thaobh na hoibre a dhéanfar leis na tíortha comhpháirtíochta agus na tacaíochta a thabharfar dóibh;

43. IARRANN SIAD ar an gCoimisiún tuairisc a thabhairt don Chomhairle, ar bhonn rialta, ar an obair leantach a dhéanfar i ndáil leis an Teachtaireacht, ar na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh sé laistigh den chreat sin agus ar an dul chun cinn a dhéanfar maidir leis an Teachtaireacht agus na moltaí ón gComhairle a chur i ngníomh;

44. IARRANN SIAD ar an earnáil phríobháideach agus ar an tsochaí shibhialta rannchuidiú freisin le gníomhaíochtaí na Teachtaireachta a chur i ngníomh.